

Scoil Chrónáin, Ráth Cúil, Baile Átha Cliath

POLASÁI MAIDIR LE COSAINT SONRAÍ

Ráiteas Tosaigh

Baineann Polasaí Cosanta Sonraí na scoile leis na sonraí pearsanta atá i seilbh Bhord Bainistíochta na scoile (BB), atá cosanta ag na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2018 agus Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí an AE (RGCS).

Baineann an polasaí seo le foireann uile na scoile, an Bord Bainistíochta, tuismitheoirí/caomhnóirí, daltaí agus daoine eile (lena n-áirítear leanaí a bheidh ina ndaltaí nó leanaí a d'fhéadfadh a bheith ina ndaltaí agus a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí agus iarratasóirí ar phoist foirne sa scoil), sa mhéid go mbaineann bearta an pholasaí leo. Stórálfar sonraí go slán chun go ndéanfar faisnéis rúnda a chosaint i gcomhlíonadh na reachtaíochta ábhartha. Leagtar amach an bealach ina gcosnóidh an scoil sonraí pearsanta agus catagóirí speisialta de shonraí pearsanta.

Tá modh “Príobháideacht d’aon Ghnó” i bhfeidhm ag Scoil Chrónáin i leith Cosanta Sonraí. Ciallaíonn sé sin go ndéanaimid pleanáil chúramach agus sonraí pearsanta á mbailiú againn chun gur féidir linn na prionsabail chosanta sonraí a áireamh mar bhun ghnéithe na n-oibríochtaí sonraí uile roimh ré. Déanfaimid iniúchadh ar an sonraí pearsanta inar seilbh chun:

1. A bheith in ann rochtain a thabhairt do dhaoine aonair ar a sonraí
2. coinneáil slán a chinntiú
3. doiciméadú a dhéanamh ar ár nósanna imeachta cosanta sonraí
4. cuntasacht agus trédhearcacht a fheabhsú

PRIONSABAIL CHOSANTA SONRAÍ

Is é BB na scoile an rialaitheoir sonraí i leith na sonraí pearsanta a bhaineann le foireann, daltaí, tuismitheoirí/caomhnóirí agus daoine eile de phobal na scoile, iad siúd atá ann anois, a bhí ann cheana agus a bheidh ann sa todhchaí. Dá réir sin, tá sé de cheangal ar an BB na prionsabail chosanta sonraí a leagtar amach sna hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 go 2018 agus RGCS a chomhlíonadh, ar féidir an achoimre seo a leanas orthu a dhéanamh:

1. Sonraí pearsanta a bhailiú agus a phróiseáil go cóir

Bailítear faisnéis i dtaobh daltaí le cabhair ó thuismitheoirí/caomhnóirí agus ón bhfoireann. Aistrítear faisnéis ó scoileanna eile freisin. Maidir le faisnéis atá i seilbh na scoile a bhaineann le daoine eile (baill foirne, daoine a chuireann isteach ar phoist sa scoil, tuismitheoirí/caomhnóirí daltaí, etc.), is gnách go gcuireann na daoine féin an fhaisnéis sin ar fáil le toiliú iomlán feasach agus go dtiomsaítear í i gcúrsa a bhfostaíochta nó a i gcúrsa a dteagmhála leis an Scoil. Pléitear leis na sonraí uile seo de réir na reachtaíochta Cosanta Sonraí agus i dtéarmaí an Pholasaí seo maidir le Cosaint Sonraí. Déanfar an fhaisnéis sin a bhailiú agus a phróiseáil go cóir.

Níl cead múinteoirí agus cúntóirí riachtanas speisialta a thaifeadh le linn cruinnithe i Scoil Chrónáin. Ní mór go múchfar meáin shoghluaiste uile mar fhóin phóca, iPad, etc. le linn cruinnithe.

2. Toiliú

I cás go bhfuil toiliú mar bhunús do shonraí pearsanta a chur ar fáil (e.g. sonraí atá ag teastáil le bheith mar bhall d’fhoireann spóirt, le gníomhaíocht iarscoile a dhéanamh nó chun aon gníomhaíocht scoile roghnach a dhéanamh), ní mór go dtabharfar an toiliú sin faoi shaoirse agus gur léiriú sainiúil feasach gan athbhrí é ar mhianta an ábhair sonraí. Beidh gníomh soiléir dearfach ag teastáil ó Scoil Chrónáin chun toiliú a léiriú e.g. bosca a thiceáil/doiciméad a shíniú. Is féidir le hábhair sonraí an toiliú a tharraingt siar sna cásanna sin.

Is chun oibleagáidí reachtaíochta agus tasc poiblí a chomhlíonadh a choinníonn Scoil Chrónáin roinnt taifead. Sna himthosca sin, níl toiliú an ábhair sonraí ag teastáil.

3. Sonraí a choinneáil ar mhaithe le cuspóir sonraithe sainráite amháin nó níos mó

Tá sé de cheangal ar an BB na cuspóirí atá le bailiú ag sonraí agus na húsáidí a bheartaíonn sé a bhaint as a gcuid sonraí a chur in iúl do dhaoine. Coinnítear faisnéis ar bhealach atá dírithe ar leas an duine i gcónaí.

4. Iad a phróiseáil ar bhealaí atá ag luí leis na cuspóirí lenar tugadh na sonraí an chéad uair riamh

Déanfar sonraí a bhaineann le daoine a phróiseáil ar bhealach a luíonn leis na cuspóirí lenar bailíodh iad amháin. Ní nochtfar faisnéis ach ar bhonn riachtanais, agus déanfar rialú docht ar rochtain ar an bhfaisnéis. Ní roinnfear sonraí le tríú páirtithe ach nuair is cuí é sin a dhéanamh.

5. Sonraí pearsanta a choinneáil slán sábháilte

Ní bheidh rochtain ag daoine ar an bhfaisnéis ach nuair atá cúis mhaith leis sin. Tá rochtain ag an BB, an príomhoide, an leas-phríomhoide, an rúnaí, feighlí na scoile agus comhairle na dtuismitheoirí ar sonraí de réir mar is cuí dá ról. Stóráiltear sonraí pearsanta faoi ghlas i gcás taifead de láimh agus faoi chosaint bogearraí ríomhaire agus pasfhocail i gcás sonraí leictreonacha. Tá gléasanna soghluaiste ar a bhfuil sonraí pearsanta stóráilte (mar ríomhairí glúine) cosanta ag pasfhocal.

6. Sonraí pearsanta a choinneáil cruinn, iomlán agus cothrom le dáta

Ní mór do dhaltaí, tuismitheoirí/caomhnóirí agus/nó don fhoireann aon athrú ar cheart don scoil a dhéanamh ar a sonraí pearsanta agus/nó sonraí pearsanta leochaileacha a chur in iúl don scoil le cinntiú go bhfuil na sonraí cruinn, iomlán agus cothrom le dáta. Agus é sin curtha in iúl don scoil, déanfaidh an scoil gach athrú is gá ar na taifid ábhartha. Ní ceart taifid a athrú nó a scriosadh gan údarú cuí a fháil. I gcás athrú/ceartú, déanfar nóta faoin údarú agus faoin athrú/faoi na hathruithe atá le déanamh ar an taifead/doiciméadú agus déanfar an nóta sin a shíniú.

7. Cinntiú go mbeidh siad leordhóthanach agus ábhartha agus nach mbeidh siad iomarcach

Ní bhaileofar agus ní stórálfar ach an méid faisnéise is gá leis chun seirbhís leordhóthanach a chur ar fáil.

8. Sonraí a choinneáil ar feadh tréimhse nach faide ná an tréimhse atá riachtanach le haghaidh an chuspóra nó na gcuspóirí lenar tugadh iad

Mar riail ghinearálta, coinneofar an fhaisnéis fad is atá an duine sa scoil. Ina dhiaidh sin, comhlíonfaidh an scoil treoirínte na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le sonraí pearsanta a bhaineann le dalta a stóráil. I gcás ball foirne, comhlíonfaidh an scoil treoirínte na Roinne Oideachais agus Scileanna agus riachtanais na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le taifid a bhaineann le fostaithe a choinneáil. Féadfaidh an scoil sonraí a bhaineann le duine a choinneáil ar feadh tréimhse níos faide chun na forálacha cuí faoin reachtaíocht fostaíochta a chomhlíonadh agus/nó éileamh faoi dhlí na gconarthaí agus/nó faoin dlí sibhialta a chosaint. Coinnítear sonraí i gcomhadchaibinéid i seomraí ranga, i seomraí tacaíochta foghlama, in oifig an príomhoide agus oifig an rúnaí agus in dhá limistéar stórála ainmnithe. Féach agusín 1 ina bhfuil na Tréimhsí Coinneála Sonraí le haghaidh Scoileanna. Tá an scoil freagrach as sonraí a scriosadh ar dhul in éag na tréimhse coinneála.

9. Cóip dá s(h)onraí pearsanta a chur ar fáil do dhuine arna iarraidh sin

Tá sé de cheart ag daoine rochtain a bheith acu ar na sonraí pearsanta a bhaineann leo atá á gcoinneáil agus fios a bheith acu cé atá á gcoinneáil agus cén cuspóir lena bhfuil siad á gcoinneáil. Tá an scoil, is é sin an Príomhoide, freagrach as na sonraí sin a chur ar fáil má iarrtar sin.

SCÓIP

Baineann an reachtaíocht Chosanta Sonraí le Sonraí Pearsanta a choinneáil agus a phróiseáil. Is é aidhm an pholasáí seo ná cabhrú leis an scoil a hoibleagáidí reachtaíochta a chomhlíonadh, na hoibleagáidí sin a mhíniú d'fhoireann na scoile, agus an bealach ina bpléifear leis na sonraí sin a chur in iúl don fhoireann, do dhaltáí agus dá dtuismitheoirí/caomhnóirí.

Baineann an polasáí le foireann uile na scoile, an Bord Bainistíochta, tuismitheoirí/caomhnóirí, daltaí agus daoine eile (lena n-áirítear leanaí a bheidh ina ndaltaí nó leanaí a d'fhéadfadh a bheith ina ndaltaí agus a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí agus iarratasóirí ar phoist foirne sa scoil), a mhéid a láimhseálfar nó a phróiseálfar a sonraí pearsanta agus iad ag plé leis an scoil.

Sainmhíniú ar théarmaí cosanta sonraí

Chun go dtuigeann an fhoireann oibleagáidí na scoile i gceart, tá roinnt téarmaí tábhachtacha ann ar cheart dóibh iad a thuiscint:

Ciallaíonn *Sonraí Pearsanta Data* aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha sainitheanta nó inaitheanta i.e. duine beo a shainaithnítear nó is féidir a shainaithint ó na sonraí nó ó na sonraí in éineacht le faisnéis eile atá i seilbh an Rialaitheora Sonraí (BB) nó is dócha a thiocfaidh i seilbh an Rialaitheora Sonraí.

Is é an Rialaitheoir Sonraí Bord Bainistíochta na scoile

Ábhar Sonraí – duine aonair is ábhar do shonraí pearsanta

Próiseáil Sonraí – aon oibríocht nó aon sraith oibríochtaí a dhéanamh i leith na sonraí, lena n-áirítear:

- Sonraí a fháil, a thairfeadh nó a choinneáil
- Sonraí a bhailiú, a eagrú, a stóráil, a athrú nó a oiriúnú
- Sonraí a aisghabháil, a cheadú nó a úsáid
- Sonraí a nochtadh trí tharchur, scaipeadh nó trí chur ar fáil ar bhealach eile
- Sonraí a ailíniú, a chomhcheangal, a bhlocáil, a léirsciosadh nó a dhíothú

Próiseálaí Sonraí – duine a phróiseálann faisnéis phearsanta ar son an phróiseálaí sonraí, ach ní áirítear ann sin fostaí an phróiseálaí sonraí a phróiseálann na sonraí sin i gcúrsa a f(h)ostaíochta, mar shampla, fostaí eagraíochta a gcuireann an próiseálaí sonraí obair amach chuici. Faoin reachtaíocht Chosanta Sonraí tá freagrachtaí ar eintitis den chineál sin i dtaobh na próiseála sonraí a dhéanann siad. Baineann Scoil Chrónáin úsáid as an bpróiseálaí sonraí Aladdin.

Tagraíonn *Catagóirí speisialta sonraí pearsanta* do Shonraí Pearsanta a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

- tionscnamh ciníoch nó eitneach
- tuairimí polaitiúla nó creidimh reiligiúnacha nó fealsúnacha
- sláinte fisiciúil nó mheabhrach
- cleachtadh gnéis nó claonadh gnéasach
- sonraí géiniteacha agus bith mhéadracha
- ciontuithe coiriúla nó déanamh líomhnaithe ciona
- ballraíocht i gceardchumann

Sárú i ndáil le sonraí pearsanta – sárú ar shlándáil as a dtiocfaidh scriosadh, cailleadh, athrú, nó nochtadh neamhúdaraíthe sonraí pearsanta a rinneadh a tharchur, a stóráil nó a phróiseáil ar bhealach eile, nó rochtain neamhúdaraíthe ar na sonraí sin, bíodh sé sin de thaisme nó neamhdhleathach. Ciallaíonn sé sin aon chur as d’fhaisnéis phearsanta nó aon chailliúint sonraí pearsanta, is cuma conas a tharlaíonn sé nó cén áit a dtarlaíonn sé.

RÉASÚNAÍOCHT

I dteannta a hoibleagáidí faoi chúram leathan na reachtaíochta oideachais, tá oibleagáid dhlíthiúil ar an scoil na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 go 2018 agus an RGCS a chomhlíonadh. Tá míniú sa pholasáí seo ar cén cineál sonraí a bhailítear, cén fáth a mbailítear iad, cá fhad a stórálfar iad (féach an tréimhse choinneála sonraí in aguisín 1) agus cé leis a roinnfear iad. Tá an scoil dáiríre faoina freagrachtaí faoin dlí cosanta sonraí agus is mian léi cleachtais shlána a chur i bhfeidhm chun sonraí pearsanta an duine aonair a chosaint. Aithnítear leis go n-éascaíonn taifeadh cruinn agus stóráil slán faisnéise fíorasáil le measúnú a dhéanamh ar an bhfaisnéis sin, chun go mbeidh an Príomhoide agus an Bord Bainistíochta in ann cinntí a dhéanamh leis an scoil a rith go héifeachtach. Tá láimhseáil éifeachtach sonraí ríthábhachtach freisin do chomhsheasmhacht agus leanúnachas a chinntiú i gcás ina mbeidh athrú ar phearsanra na scoile nó ar phearsanra an Bhoird Bainistíochta.

OIBLEAGÁIDÍ DLÍ EILE

Cuirtear oibleagáidí dlí agus freagrachtaí eile na scoile san áireamh i gcur i bhfeidhm an pholasáí seo. Baineann roinnt acu sin go díreach le cosaint sonraí. Mar shampla:

Faoi *Alt 9(g) den Acht Oideachais, 1998*, ní mór rochtain a thabhairt do thuismitheoirí daltaí nó, i gcás dalta a bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige nó aici, don dalta, ar thaifid a choimeádann an scoil i ndáil le dul chun cinn oideachais an dalta sin.

Faoi *Alt 20 den Acht Oideachais (Leas), 2000*, ní mór don scoil clár de na daltaí go léir atá ag freastal ar an scoil a choinneáil.

Faoi *Alt 20(5) den Acht Oideachais (Leas), 2000*, ceanglaítear ar an bPríomhoide fógra a thabhairt do Phríomhoide scoile eile a bhfuil an páiste ag aistriú chuici faoi fhaisnéis áirithe i leith fhreastal an pháiste ar scoil agus i leith cúrsaí eile a bhaineann le dul chun cinn oideachais an pháiste. Seolann Scoil Chrónáin cóip sa phost de Phas Oideachais an pháiste, a sholáthraíonn an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, chuig Príomhoide na hiar-bhunscoile ina bhfuil an dalta cláraithe.

I gcás go bhfuil tuarascálacha ar dhaltaí a rinneadh gairmithe, seachas foireann Scoil Chrónáin, i gcomhaid daltaí, ní chuirtear na tuarascálacha sin chuig an iar-bhunscoil ach amháin tar éis cead sainráite i scríbhinn a iarraidh ar thuismitheoirí na ndaltaí sin agus an cead sin a fháil.

Faoi *Alt 21 den Acht Oideachais (Leas), 2000*, ní mór don scoil freastal nó neamh fhreastal na ndaltaí atá cláraithe sa scoil a thaifeadh gach lá scoile.

Faoi *Alt 28 den Acht Oideachais (Leas), 2000*, féadfaidh an Scoil Sonraí Pearsanta atá ina seilbh a chur ar fáil do chomhlachtaí áirithe forordaithe (an Roinn Oideachais agus Scileanna, Tusla, an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus scoileanna eile). Ní mór don BB a bheith deimhin de go n-úsáidfear na sonraí chun ‘críche íomchú’ (lena n-áirítear stair oideachais nó oiliúna a thaifeadh nó monatóireacht a dhéanamh ar a d(h)ul chun cinn oideachais nó oiliúna; nó chun tairghe a dhéanamh ar scrúduithe, rannpháirtíocht san oideachas agus éifeachtacht ghinearálta

oideachais nó oiliúna).

Faoi Alt 14 den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu, 2004, tá sé de cheangal ar an scoil cibé faisnéis a d'fhéadfadh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas a iarraidh le réasún ó am go ham a chur ar fáil don Chomhairle (agus a fostaithe, lena n-áireofaí, de réir réasúin, Eagraithe Riachtanas Oideachas Speisialta).

Faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997, tá ceart coinníollach rochtana ar fhaisnéis nach 'sonraí pearsanta' í atá i seilbh comhlachtaí poiblí, mar atá i gceist leis an reachtaíocht chosanta sonraí. Cé nach bhfuil formhór na scoileanna faoi réir na reachtaíochta um shaoráil faisnéise (seachas scoileanna faoi stiúir Bhord Oideachais agus Oiliúna), má tá faisnéis tugtha ag scoil do chomhlacht a chlúdaítear faoin Acht um Shaoráil Faisnéise (mar an Roinn Oideachais agus Scileanna, etc.), féadfaidh an comhlacht na taifid sin a nochtadh má iarrtar sin air.

Faoi Alt 26(4) den Acht Sláinte, 1947 cuirfidh an Scoil faoi deara go gcuirfear gach saoráid réasúnach ar fáil d'údarás sláinte a thugann fógra di go ndéanfar scrúdú leighis, e.g. scrúdú fiacloireachta.

Faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, tá freagracht ar dhaoine sainorduithe ábhair imní i dtaca le leas páistí a thuairisciú do TUSLA – An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (nó i gcás éigeandála agus mura bhfuil TUSLA ar fáil, don Gharda Síochána)

GAOL LE SPIORAD NA SCOILE:

Féachann Scoil Chrónáin le:

- cabhrú le daltaí barr a gcumais a bhaint amach
- timpeallacht foghlama shlán shábháilte a chur ar fáil
- meas a chothú ar an éagsúlacht luachanna, creideamh, traidisiún, teangacha agus modhanna maireachtála atá sa tsochaí

Is mian leis an scoil na haidhmeanna/misin seo a bhaint amach agus cearta daoine aonair chun príobháideachta agus a gcearta faoin reachtaíocht Chosanta Sonraí á urramú go hiomlán againn.

SONRAÍ PEARSANTA

Féadfaidh na taifid seo a leanas a bheith san áireamh ar na taifid Sonraí Pearsanta atá i seilbh na scoile:

1. *Taifid foirne:*

a) Catagóirí sonraí foirne:

Chomh maith leis na baill foirne atá ann (agus baill foirne a bhí ann), féadfar go mbainfidh na taifid sin le hiarratasóirí ar phoist sa scoil, múinteoirí faoi oiliúint agus múinteoirí faoi phromhaidh. Féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh ar na taifid sin:

- Ainm, seoladh agus sonraí teagmhála, uimhir PSP
- Ainm agus sonraí teagmhála neasghaoil i gcás éigeandála
- Taifid bhunaidh ar iarratas agus ceapadh i leith ardú céime
- Sonraí maidir le neamhláithreachta ceadaithe (sosanna gairme, saoire do thuismitheoirí, saoire staidéir, etc.)
- Sonraí maidir le taifid oibre (cáilíochtaí, ranganna a múineadh, ábhair, etc.)
- Sonraí maidir le haon timpistí/gortuithe a tharla ar thalamh na scoile nó a bhain le baill foirne agus iad i mbun a ndualgas scoile
- Sonraí maidir le haon tuairiscí i leith baill foirne a thug an scoil (nó a fostaithe) do ranna

- Stáit agus/nó do ghníomhaireachtaí eile faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015
- Sonraí leighis na foirne

b) Cuspóirí:

Coinnítear taifid foirne leis na cuspóirí seo a leanas:

- gnó na scoile a bhainistiú agus a riar (anois agus amach anseo)
- íoc na foirne a éascú agus chun sochair/teidlíochtaí eile a ríomh (lena n-áirítear seirbhís
- ináirithe chun íocaíochtaí pinsin, teidlíochtaí agus/nó íocaíochtaí iomarcaíochta a ríomh
- nuair is ábhartha)
- éascú le híocaíochtaí pinsin a dhéanamh amach anseo
- acmhainní daonna a bhainistiú
- arduithe céime (doiciméadú a bhaineann le harduithe céime ar cuireadh isteach orthu)
- agus athruithe ar fhreagrachtaí, etc. a thairfeadh
- chun go mbeidh an scoil in ann a hoibleagáidí mar fhostóir a chomhlíonadh, lena náirítear timpeallacht oibre agus teagaisc atá sábháilte agus éifeachtach a chothú (lena n-áirítear a hoibleagáidí faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, a chomhlíonadh)
- chun go mbeidh an scoil in ann na ceanglais atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, na Coimisinéirí Ioncaim, an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, TUSLA, an FSS agus aon ranna rialtais, stáit agus/nó aon ranna rialála agus/nó aon ghníomhaireachtaí a chomhlíonadh
- agus chun an reachtaíocht a bhaineann leis an scoil a chomhlíonadh

c) Nósanna imeachta Scoil Chrónáin maidir le Slándáil agus Suíomh:

a. Coinnítear taifid de láimh i gcomhadchaibinéad glasáilte in oifig riaracháin ghlasáilte nach bhfuil rochtain uirthi ach ag pearsanra a bhfuil an t-údarás acu na sonraí a úsáid. Ní mór d'fhostaithe na sonraí a bhfuil rochtain acu orthu a choinneáil faoi rún.

b. Stóráiltear taifid dhigiteacha ar ríomhaire faoi chosaint pasfhocail air in oifig ghlasáilte.

2. Taifid daltaí:

a) Catagóirí sonraí daltaí:

Féadfaidh na catagóirí seo a leanas a áireamh orthu:

- Faisnéis a fhéadfar a iarraidh agus a thairfeadh nuair a chláraítear dalta agus a fhéadfar í a chomhardú agus a thiomsú fad is atá an dalta sa scoil. Féadfaidh an fhaisnéis seo a leanas a bheith san áireamh ar na taifid sin:
- ainm, seoladh, sonraí teagmhála, uimhir PSP
- dáta breithe agus ionad breithe
- ainmneacha agus seoltaí tuismitheoirí/caomhnóirí agus a sonraí teagmhála (lena n-áirítear aon socrúithe speisialta i leith caomhnóireachta, coimeádta nó rochtana)
- creideamh reiligiúnach
- bunús ciníoch nó eitneach
- an duine den Lucht Siúil é/í, más ábhartha
- an sealbhóir carta leighis é/í (nó a t(h)uismitheoirí)
- an é Béarla teanga dhúchais an dalta agus/nó an bhfuil tacaíocht Bhéarla ag teastáil uaidh/uaithi
- aon choinníollacha speisialta ábhartha (e.g. riachtanais oideachais speisialta, fadhbanna sláinte, etc.)
- Eolas ar thairfead acadúil an dalta sular thosaigh sé/sí sa scoil (lena n-áirítear tuairiscí,

teistiméireachtaí agus taifid eile ó scoileanna ar fhreastail an dalta orthu roimhe)

- Measúnachtaí síceolaíochta, síciatrachta agus/nó leighis
- Taifid freastail
- Déantar grianghraif agus íomhánna taifeadta de na daltaí (lena n-áirítear imeachtaí scoile nó ócáidí nuair a tugadh aird ar a raibh bainte amach ag dalta) a bhainistiú de réir an pholasaí an scoile i leith grianghrafadóireachta a ghabhann leis seo
- Taifead acadúil – ábhair a ndearnadh staidéar orthu, tascanna ranga, torthaí
- scrúduithe mar a thaifeadtar i dtuairiscí oifigiúla scoile
- Taifid ar rudaí suntasacha a bhain an dalta amach
- Taifid ar shaincheistean/fiosrúcháin araíonachta agus/nó ar phionóis
- Taifid eile, e.g. taifid ar aon ghortuithe/timpistí tromchúiseacha, etc.
- Taifid ar aon tuairiscí i leith an dalta a thug an scoil (nó a fostaithe) do ranna Stáit agus/nó gníomhaireachtaí eile faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015. Coinneofar na taifid seo i gcaibinéad dódhíonach. Is samplaí de na doiciméid sin Tuarascálacha Maoirseachta maidir le Cosaint Leanaí agus na Doiciméid Cháschomhaid.

b) Cuspóirí: Ar na cuspóirí lena gcoinnítear taifid dalta tá:

- chun go mbeidh gach dalta in ann barr a c(h)umais a bhaint amach
- ceanglais reachtaíochta nó riaracháin a chomhlíonadh
- cinntiú gur féidir le daltaí incháilithe leas a bhaint as teagasc breise nó tacaíocht
- airgeadais ábhartha
- tacú le teagasc reiligiúnach a sholáthar
- chun gur féidir teagmháil le tuismitheoirí/caomhnóirí i gcás éigeandála nó i gcás dhúnadh na scoile, nó chun dul chun cinn oideachais a bpáiste a chur in iúl do tuismitheoirí nó chun eolas ar imeachtaí scoile, etc. a thabhairt do tuismitheoirí
- chun freastal ar riachtanais oideachais, sóisialta, fisiciúla agus mothúcháin an dalta
- glactar le grianghraif agus íomhánna taifeadta chun ceiliúradh a dhéanamh ar a bhfuil bainte amach ag an scoil, e.g. leabhair bhliantúla a thiomsú, suíomh idirlín scoile a thógáil, imeachtaí scoile a thaifeadadh, agus chun stair na scoile a thaifeadadh.
- Coinnítear taifid den chineál sin agus baintear úsáid astu de réir an 'Fógra Príobháideachais do Tuismitheoirí/Caomhnóirí'.
- cinntiú go gcomhlíonann an dalta critéir iontrála na scoile
- cinntiú go gcomhlíonann daltaí an riachtanas aoise íosta chun freastal ar bhunscoil
- doiciméid/faisnéis mar gheall ar dhalta a chur ar fáil don Roinn Oideachais agus Scileanna, an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, Tusla, scoileanna eile, etc. i gcomhlíonadh an dlí agus teoracha ranna rialtais.
- doiciméid/faisnéis/teistiméireachtaí a chur ar fáil d'institiúidí oideachais dara leibhéal
- nuair a iarrann an dalta sin (nó a t(h)uismitheoirí/c(h)aomhnóirí i gcás dalta nach bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige nó aici)

c) (Nósanna imeachta Suímh agus Slándála mar atá thuas):

3. Taifid Boird Bainistíochta:

a) Catagóirí sonraí Boird Bainistíochta:

- Ainm, seoladh agus sonraí teagmhála gach comhalta den Bhord Bainistíochta (lena n-áirítear iarchomhaltaí an Bhoird Bainistíochta)
- Taifid maidir le ceapacháin chun an Bhoird
- Miontuairiscí ar chruinnithe an Bhoird Bainistíochta agus comhfhreagras chuig an

- mBord a bhféadfaidh tagairtí do dhaoine aonair a bheith ann

b) Cuspóirí:

Chun gur féidir leis an mBord Bainistíochta feidhmiú de réir an Achta Oideachais, 1998 agus de réir na reachtaíochta ábhartha eile agus taifead a choinneáil ar cheapacháin agus cinntí an Bhoird.

c) (Nósanna imeachta Suímh agus Slándála mar atá thuas):

4. Taifid eile: Creidiúnaithe

a) Catagóirí Sonraí Boird Bainistíochta:

Féadfaidh an scoil an fhaisnéis thíos nó cuid de a choinneáil mar gheall chreidiúnaithe (ar daoine féinhostaithe iad roinnt acu):

- ainm
- seoladh
- sonraí teagmhála
- uimhir PSP
- sonraí cánach
- sonraí bainc agus
- an méid a íocadh

b) Cuspóirí: Is é an cuspóir lena gcoinnítear taifid ar chreidiúnaithe ná:

Tá an fhaisnéis seo ag teastáil chun gnáthbhainistiú a dhéanamh agus cúrsaí airgeadais na scoile a riar lena n-áirítear sonraisc a íoc, cuntais airgeadais bhliantúla a thiomsú agus le haghaidh iniúchtaí agus fiosrúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim.

c) (Nósanna imeachta Suímh agus Slándála mar atá thuas):

5. Taifid Eile: Foirmeacha aisghabhála cánach i leith carthanachta

a) Catagóirí Sonraí Boird Bainistíochta:

Féadfaidh an scoil na sonraí seo a leanas i leith deontóirí a thug deontais charthanachta don scoil a choinneáil:

- ainm
- seoladh
- uimhir theileafóin
- uimhir PSP
- ráta cánach
- síniú agus
- ollmhéid an deontais

b) Cuspóirí: Is iad na cuspóirí lena gcoinnítear taifid chreidiúnaithe ná:

Tá scoileanna i dteideal leas a bhaint as an scéim faoisimh cánach i leith deontas airgid a fhaigheann sí. Chun an faoiseamh a éileamh, ní mór don deontóir deimhniú (CHY2) a chomhlánú agus a sheoladh chuig an scoil chun go mbeidh sí in ann an cháin ollardaithe a bhaineann leis an deontas a éileamh. Is é an fhaisnéis atá le cur ag an tuismitheoir ar an deimhniú ná ainm, seoladh, uimhir PSP, ráta cánach, uimhir fóin, síniú agus ollmhéid an deontais. Coinníonn an scoil an fhaisnéis seo i gcás go ndéanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim iniúchadh.

c) (Nósanna imeachta Suímh agus Slándála mar atá thuas):

ÍOMHÁNNA/TAIFEADTAÍ CCTV

Tá CCTV in Scoil Chrónáin. Tá ceamaraí mórthimpeall theorainn na scoile. Féadfaidh na córais CCTV íomhánna a thairfeadh den fhoireann, de dhaltaí agus de dhaoine den phobal a théann isteach ar thailte na scoile. Tá an stáisiún féachana i bpríomhoifig riaracháin na scoile. Monatóireacht á dhéanamh ar an CCTV tar éis am scoile agus ag an deireadh seachtaine chun foghlaithe a mhaolú.

Cuspóirí: Sábháilteacht agus slándáil foirne, daltaí agus cuairteoirí agus maoin agus trealamh na scoile a chosaint.

Slándáil:

Tá rochtain ar íomhánna/thairfeadtaí teoranta don Cathaoirleach, do Phríomhoide agus LeasPhríomhoide na scoile agus don fhear oibre de ghnáth. Coinnítear thairfeadtaí ar feadh 28 lá, ach i gcás go bhfuil siad ag teastáil chun eachtra a fhiosrú. Féadfar breathnú ar íomhánna/thairfeadtaí nó iad a chur ar fáil don Gharda Síochána de bhun na reachtaíochta Cosanta Sonraí. Tá fógra faoin tréimhse choinneála 28 lá ar taispeáint sa scoil.

TORTHAÍ SCRÚDUITHE

Ar na sonraí a choinneoidh an scoil, beidh torthaí scrúduithe daltaí lena n-áirítear torthaí lár téarma, torthaí bliantúla, torthaí measúnachta leanúnaí agus torthaí na dTástálacha Caighdeánaithe.

Cuspóirí:

Is é an príomhchuspóir atá le torthaí a choinneáil ná monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn an dalta agus bunús slán a bheith ann chun comhairle a chur air/uirthi agus ar a dtuismitheoir nó ar a gcaomhnóir faoina leibhéal gnóthachtála oideachais agus faoi mholtaí don todhchaí. Féadfaidh sonraí a chomhbhailiú chomh maith chun críocha staitisticí/tuairiscithe, mar tháblaí torthaí a thiomsú. Féadfar na sonraí a aistriú chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus scoileanna eile a n-aistríonn daltaí chucu.

Nósanna imeachta Suímh agus Slándála

Mar atá thuas

NAISC LE POLASAITHE EILE AGUS LE SOLÁTHAIR CURACLAIM

Ní mór go mbeidh ár bpolasaithe i gcomhréir a chéile laistigh de chreat phlean foriomlán na scoile. Scrúdófar polasaithe ábhartha scoile atá ann cheana féin nó atá á bhforbairt nó á n-athbhreithniú i dtaca leis an bPolasaí maidir le Cosaint Sonraí agus pléitear le haon impleachtaí atá ann dóibh.

I measc na bpolasaithe a fhéadfar a mheas tá:

- Nósanna Imeachta Cosanta Sonraí
- Polasaí Frithbhulaíochta
- Cód Iompair na Scoile
- Polasaí maidir le Rollú
- Polasaí maidir le hÚsáid Inglachtha
- Polasaí maidir le hOideachas Speisialta
- Polasaí maidir le Teagmhais Chriticiúla

PRÓISEÁIL DE RÉIR CHEARTA ÁBHAIR SONRAÍ

Déanfar sonraí a phróiseáil sa scoil seo de réir chearta an ábhair sonraí. Tá sé de cheart ag ábhair shonraí:

- Fios a bheith acu ar cé na sonraí pearsanta a bhaineann leo atá i seilbh na scoile
- Rochtain ar aon sonraí atá i seilbh rialaitheora sonraí a iarraidh

- Chosc a chur ar phróiseáil a gcuid sonraí chun margáíochta díri
- Iarraidh go leasófar sonraí míchruinne
- Iarraidh go scriosfar sonraí nuair nach gá a thuilleadh leo nó nuair atá siad neamhábhartha

Próiseálaithe sonraí

I gcás go gcuireann an scoil próiseáil sonraí amach ar Conradh Chuig Próiseálaí Sonraí Iasmuigh den scoil, is gá de réir an dlí go mbeidh conradh i scríbhinn ann (comhaontú seirbhíse tríú páirtí i scríbhinn). Sainítear na coinníollacha faoina bhféadfar na sonraí a phróiseáil, na coinníollacha slándála a ghabhann le próiseáil na sonraí agus na sonraí is gá a scriosadh nó a chur ar ais ar an gconradh a chríochnú nó a fhoirceannadh i gcomhaontú tríú páirtí Scoil Chrónáin.

Sáruithe i ndáil le sonraí pearsanta

Ní mór gach teagmhas ina gcuirtear sonraí pearsanta i mbaol a thuairisciú d'Oifig an Choimisiúin um Chosaint Sonraí laistigh de 72 uair má bhaineann riosca do dhaoine leis.

Nuair is dócha go mbaineann riosca ard do chearta agus saoirsí daoine nádúrtha leis an sárú i ndáil le sonraí pearsanta, ní mór don BB an sárú i ndáil le sonraí pearsanta a chur in iúl don ábhar sonraí gan mhoill mhíchuí. Ní dhéanfar teagmháil le daoine aonair ach i gcás go gcreideann an BB go bhfuil riosca ard ag baint leis an sárú don duine/na daoine i gceist. Má thugann an próiseálaí sonraí sárú i ndáil le sonraí pearsanta faoi deara, ní mór dó nó di é seo a thabhairt ar aird an rialaitheora sonraí (BB) gan mhoill mhíchuí.

Ag plé le hiarratas ar rochtain ar shonraí

Tá daoine aonair i dteideal cóip dá sonraí pearsanta a fháil ar iarratas i scríbhinn a dhéanamh nach mór é a fhreagairt laistigh de mhí. Féadfar go mbeidh síneadh ama ag teastáil, e.g. le linn tréimhsí saoire.

Ní féidir táille a ghearradh ach i gcúinsí eisceachtúla nuair a dhéantar iarrataí arís agus arís eile nó nuair atá siad gan bhunús nó iomarcach.

Ní féidir sonraí pearsanta a bhaineann le duine eile a chur ar fáil seachas iad siúd a bhaineann leis an ábhar sonraí.

FAISNÉIS A CHUR AR FÁIL AR AN BHFÓN

Ba cheart d'fhostaí a phléann le fiosrúcháin ar an bhfón a bheith cúramach faoi aon fhaisnéis phearsanta atá i seilbh na scoile a nochtadh ar an bhfón. Ba cheart, go háirithe, don fhostaí:

- Iarraidh ar an nglaoiteoir a (h)iarratas a chur i scríbhinn
- An t-iarraidh a chur ar aghaidh don Phríomhoide i gcásanna deacra
- Gan brú a mhothú faisnéis phearsanta a nochtadh

SOCRUITHE MAIDIR LE CUR I BHFEIDHM, RÓIL AGUS FREAGRACHTAÍ

Is é an BB an rialaitheoir sonraí agus is é an Príomhoide a chuireann an Polasaí maidir le Cosanta Sonraí i bhfeidhm, ag cinntiú go bhfuil tuiscint ag an bhfoireann a pheann le Sonraí Pearsanta nó a bhfuil rochtain acu orthu ar a bhfreagrachtaí cosanta sonraí.

Tá freagracht orthu seo a leanas as an bPolasaí maidir le Cosanta Sonraí:

An Bord Bainistíochta: Rialaitheoir Sonraí

Príomhoide: An Polasaí a chur i bhFeidhm

DAINGNIÚ & CUMARSÁID

Daingnithe ag an mBord Bainistíochta i **Mí _____ 20__** gus sínithe ag an gCathaoirleach.

Rinne an rúnaí taifead ar an daingniú i miontuairiscí an chruinnithe.

MONATÓIREACHT AR CHUR I BHFEIDHM AN PHOLASÁÍ

Déanfaidh an Príomhoide, an fhoireann agus an Bord Bainistíochta monatóireacht ar chur i bhfeidhm an pholasaí.

ATHBHREITHNITÚ AGUS MEASTÓIREACHT A DHÉANAMH AR AN BPOLASÁÍ

Déanfar athbhreithniú agus meastóireacht ar an bpolasaí tar éis 2 bhliain. Agus athbhreithniú agus meastóireacht á ndéanamh, tabharfar aird ar eolas agus treoirlínte athraithe (e.g. ón gCoimisiún um Chosaint Sonraí, an Roinn Oideachais agus Scileanna nó Tusla), reachtaíocht agus aiseolas ó thuismitheoirí/caomhnóirí, daltaí, foireann na scoile agus daoine eile. Leasófar an polasaí de réir mar is gá de réir an athbhreithnithe agus na meastóireachta sin laistigh agus an chreat pleanála scoile.

Sínithe:

Le haghaidh agus thar cheann an Bhoird Bainistíochta

Dáta: Daingnithe

Aguisín 1 Scoil Chrónáin

Tréimhsí Cosanta Sonraí do Scoileanna

<i>Bainteach le páiste</i>	<i>Tréimhsí Coinneála</i>
Clár na Scoile/Leabhair Rolla Foirmeacha Rollaithe Nótaí asláithreachta Torthaí tástálacha – Caighdeánaithe Measúnachtaí síceolaíochta, etc. Comhaid Riachtanas Oideachais Speisialta/ Pleananna Oideachais don Dalta Aonair Tuiriscí ar Thimpistí Tuarascálacha/Taifid Cosanta Leanaí Achomhairc Alt 29	Tréimhse éiginnte Le coinneáil go dtí go slánaíonn an dalta is óige sa rang 25 bliain d’aois. Ní scriosfar go deo iad Le coinneáil go dtí go slánaíonn an dalta is óige sa rang 25 bliain d’aois. Ní scriosfar go deo iad Ní scriosfar go deo iad Ní scriosfar go deo iad Ní scriosfar go deo iad Ní scriosfar go deo iad
<i>Taifid Agallamh</i>	
Bord agallaimh Scéim mharcála Nótaí an Bhoird Bainistíochta (i dtaobh iarratasóirí nár éirigh leo)	18 mí ó dhúnadh an chomórtais móide 6 mhí i gcás go mbeidh ar an mBinse Comhionannais fógra a thabhairt don scoil go bhfuil éileamh á dhéanamh
<i>Taifid Foirne</i>	
Conradh fostaíochta Clárú leis an gComhairle Múinteoireachta Taifid ghrinnfhiosrúcháin Tuiriscí ar thimpiste/gortú ag an obair	Fad na fostaíochta + 7 mbliana (6 bliana chun éileamh a dhéanamh i gcoinne na scoile móide bliain amháin chun imeachtaí a sheirbheáil ar an scoil)
<i>Taifid BB</i>	
Cláir agus miontuairiscí BB Taifeadtaí CCTV Párolla & Cáin Sonraisc/admhálacha	Tréimhse éiginnte 28 lá de ghnáth. I gcás imscrúdaithe chóiriúil – chomh fada agus is gá Ceanglaíonn na Coimisinéirí loncainm go gcoinnítear faisnéis ar feadh 6 mhí tar éis dheireadh na bliana cánach 7 mbliana ó dheireadh na tréimhse

Cuntais iniúchta	cuntasáochta Tréimhse éiginnte
